



Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Faomhaithe ag an gcruinniú den choiste i mBealtaine 2018

Athbhreithnithe :

Uimhir Charthanachta: 20052508

Uimhir chláraithe cánach: 4734511F

Ráiteas an Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Feachtas tiomanta do shárchaighdeán sláinte agus sábháilteachta chun sláinte agus leas na mball óg, na gcinnirí deonacha, na bhfostaithe, an choiste agus cuairteoirí a chosaint.

Chun é seo a dheimhniú tá Feachtas tiomanta do:

- Smacht réasúnta a choinneáil ar riosca shláinte agus sábháilteacht a bhaineann le himeachtaí, tríd próiseas riosca a mheasúnú;
- Dul i gcomhairle lenár gcinnirí / daoine óga faoi rudaí a mbeadh tionchar acu ar a sláinte agus sábháilteacht;
- Ionaid agus trealamh sábháilte a chur ar fáil agus a chaomhnú;
- Cinntiú go bhfuil eolas, tacaíocht agus treoir tugtha ar láimhseáil agus úsáid substaintí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach;
- Cinntiú go bhfuil na hoibrí /cinnirí oilte lena gcúraimí a chomhlíonadh, agus an traenáil, teoracha agus maoirseacht cuí a thabhairt dóibh;
- Timpistí agus cásanna droch-shláinte a bhfuil baint acu leis an obair a sheachaint;
- Coinníollacha oibre sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil;
- An Polasaí seo a athbhreithniú, agus a leasú go rialta.

Coiste Feachtas

Tá coiste Feachtas freagrach as an bpolasaí agus deachleachtas sláinte agus sábháilteacht. Is é ról an choiste:

- Cinntiú go bhfuil polasaí ann
- Rólanna a dháileadh ar dhaoine ar leith chun é a chur i bhfeidhm
- Mónatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air gach bhliain
- Tuairiscí ar thimpistí agus rudaí a tharla a mheasúnú
- Riachtanais traenála a mheasúnú

- Cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní le haghaidh traenáil sláinte agus sábháilteacht

Fostaithe agus Daoine Deonacha

Tá sé de dhualgas ar fostaithe agus ar daoine deonacha cúram réasúnta a thabhairt dá sláinte agus sábháilteacht féin agus do shláinte agus sábháilteacht daoine eile, agus comhoibriú le Feachtas maidir le ceisteanna sláinte agus sábháilteacht.

Iarrtar ar na daoine seo: (ie fostaithe agus daoine deonacha nó oibrithe deonacha)

- Contúirt ar bith, nó aon rud as feidhm, a chur in iúl dá Oifigeach Sláinte, sin í Bainisteoir Feachtas;
- Cloí le treoracha, scríofa nó labhartha, a thugtar chun sábháilteacht pearsanta agus sábháilteacht daoine eile a chur chun cinn;
- Gléasadh go ciallmhar agus go sábháilte don tasc, don ionad agus do na coinníollacha. Freisin fearas sábháilteachta ar bith a chuirtear ar fáil a úsáid go héifeachtach agus go cuí;
- Seiftiú de chineál ar bith a sheachaint a d'fhéadfadh baol neamhriachtanach a chruthú do shláinte agus sábháilteacht (mar shampla seasamh ar chathaoir chun teacht ar rudaí in airde)
- Gan aon uirlis, substaint nó píosa fearais dá gcuid féin, a d'fhéadfadh a bheith baolach dá sláinte nó sábháilteacht féin nó do shláinte nó sábháilteacht daoine eile, a thabhairt isteach, gan cead, go dtí ionaid Feachtas
- Gach timpiste a thuairisciú lena Oifigeach Sláinte, sin í Loretta Ní Churraighín, is cuma má tá gortú i gceist nó nach bhfuil, eachtraí foréigin, pleidhcíocht agus ionsaithe san áireamh
- Bheith i láthair agus páirt a ghlacadh i traenáil nuair a iarrtar orthu
- Bheith eolach ar na próisis aslonnaithe éigeandála, suímh na n-aláram, tine, agus fearais, agus bealaí amach.

Ag tuairisciú timpistí

Fiú nuair a thugtar cúram agus aire don sábháilteacht tarlaíonn timpistí agus eachtraí as a dtagann gortuithe pearsanta agus damáiste do earraí agus sealúchas. Ba cheart don club óige taifead scríofa a choinneáil ar gach timpiste/eachtra (agus gar-thimpiste / eachtra)

I gcás go raibh ar an gclub fios a chur ar dochtúir nó otharcharr nó go ndearnadh damáiste do sealúchas tríú pháirtí ba cheart cóip scríofa a líonadh agus a chur chomh luath agus is féidir chuig lár oifig Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge 518, An tSráid Mór, Tamhlacht, BÁC 24, D24 P298

Tá sé de dhualgas ar oifigeach sláinte agus sábháilteachta Feachtas, Loretta Ní Churraighín, a chinntiú go leanfar na nósanna imeachta seo a leanas i dtaobh tuairiscithe agus fiosraithe ar gach timpiste, agus go bhfuil na hoibrithe deonacha go léir ar an eolas fúthu:

- Scríobhtar tuairisc ar gach timpiste (nó timpistí a dóbair tarlú) ar fhoirm “Tuairisc Timpiste” (Aguisín 2) agus ansin scríobhtar tuairisc gairid faoi sa “Leabhar Timpiste”; coimeádtar na foirmeacha “Tuairisc Timpiste” bána sa bhosca garchabhair atá ag gach club agus coimeádtar an “Leabhar Timpiste” leis.
- Fiosróidh an oifigeach sláinte agus sábháilteachta Loretta Ní Churraighín gach timpiste agus scríobhfar nóta mar thoradh ar seo ar an bhfoirm “Tuairisc Timpiste” iomlán cuí.
- Tabharfar faoi bheartais ionas nach dtarlóidh sé arís
- Coimeádfar agus caomhnófar na foirmeacha tuairiscithe agus na sonraí go léir ar timpistí agus eachtraí

Modhanna agus Treoirlínte

Cé go bhfuil freagracht iomlán/deiridh ar coiste Feachtas as sláinte agus sábháilteacht, tá an dualgas ar an oifigeach sláinte agus sábháilteachta as an polasaí sláinte agus sábháilteachta agus a modhanna a chur i bhfeidhm ó lá go lá. Cuimsíonn sé seo:

- Buaileadh go rialta leis an oifigeach garchabhrach agus an oifigeach sábháilteachta tine chun rudaí a phlé
- Cinntiú go bhfuil an oifigeach garchabhair agus an oifigeach sábháilteacht tine oilte go cuí agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun a gcuid rólanna a chomhlíonadh
- Measúnaithe riosca riachtanacha a dhéanamh lena comhleacaithe
- Tuairisciú ar cheisteanna agus eachtraí sláinte agus sábháilteachta leis an gcoiste.
- Cinntiú go bhfuil eolas ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta curtha san áireamh in ionduchtú daoine deonacha nua

Garchabhair

- _____ is ainm don oifigeach garchabhrach
- Seiceálfaidh an t-oifigeach an bosca garchabhair go rialta agus cuirfidh sí/ sé stoc nua ann
- Coimeádtar an bosca garchabhair sa chlub

- Tá an Leabhar timpiste agus na foirmeacha “Tuirisciú Timpiste” ar fáil sa bhosca garchabhair sa chlub

Sábháilteacht Tine

- _____ is ainm don oifigeach
sábháilteacht tine
- Déanfaidh an t-oifigeach sábháilteacht tine cinnte go bhfaigheann na fostaithe agus daoine deonacha go léir eolas mar gheall ar rialacha dóiteáin agus go dtarlaíonn druileanna dhóiteáin go rialta
- Tá na haláraim dóiteáin i _____
- Tá na múchtóirí dóiteáin i _____
- Déanfar druileanna dhóiteáin go minic
- Tá na bealaí éalaithe dóiteáin _____
- Tá an t-ionad/na hionaid tionóla éigeandála i _____

Árachas

Tá an t-árachas cuí ag Feachtas a chlúdaíonn a cuid imeachtaí

Measúnú Riosca

Déantar measúnú riosca ar imeachtaí agus ócáidí Feachtas chun a chinntiú go bhfuil na beartais riachtanacha is gá i bhfeidhm chun fostaithe, daoine óga, daoine deonacha agus an phobail i gcoitinne a choimeád ó bhaol.

Féach Aguisín 1 don fhoirm mheasúnú riosca agus Aguisín 1a do fhoirm líonta isteach go samplach

Cé go bhfuil gach measúnú riosca difriúil, tá seans go gclúdóidh siad go léir an gá le:

- Foirm ceadaithe agus eolas do na daoine óga
- Eolas agus sonraí teagmhála éigeandála do na cinnirí
- Cur i bhfeidhm leanúnach de pholasaí agus modhanna cosaint leanaí Feachtas
- Seiceáil rialta ar fearais agus ionaid na gclubanna (na boscaí garchabhair agus na haláirim dóiteáin san áireamh)
- An t-árachas le haghaidh na himeachtaí go léir
- Cóimheas sách oiriúnach idir cinnirí agus daoine óga. Freisin traenáil agus maoirseacht sách oiriúnach do na himeachtaí go léir

Is ceart measúnú riosca a dhéanamh ní hamháin do himeachtaí eachtraíochta ach freisin don gnáth ionad teacht le chéile.

I measc féidearthachta baoil ar ghnáth oíche chlub tá:

- Titim, sleamhnú, tuislí – an bhfuil urláir mí-chothrom, sreanga nó cáblaí ar na hurláir, seomraí nó pasáistí dorchá sa bhfoirgneamh? Conas a phléitear le doirteadh?
- Substaint baolach don sláinte – an gcoimeádtar ceimiceáin ar bith sa bhfoirgneamh? Cé aici/aige a bhfuil teacht orthu? An gcaitheann siad éadaí cosanta?
- Titim ón airde – an scrúdaítear agus an gcaomhnaítear dréimírí agus fearais eile? An seasann daoine na laethanta seo ar chathaoireacha guagacha chun teacht ar rudaí in airde i gcófraí?
- Stangaidh, leontaí agus pianta – an mbíonn ar aon duine ualaigh troma a ardú? An bhfuair siad aon chomhairle conas é seo a dhéanamh i gceart?
- Trealamh agus innill – an scrúdaítear an trealamh go rialta? An bhfuil cead ag daoine óga dul sa chistin gan feitheoireacht orthu? (scalladh, dó)
- Sláinteachas – an bhfuil dóthain leithris agus doirtíl lámh-níocháin, ceann do dhaoine óga faoi mhí-chumas san áireamh? An ullmhaítear bia do/le daoine óga? An bhfuil aon duine oilte maidir le caighdeán sláinteachais?
- Iompair (Taisteal) – an bhfuil an club ar bhóthar mhór ghnóthach, nó an bhfuil clós pháirceála gnóthach taobh leis? An úsáidtear mionbhus nó feithiclí na ndaoine deonacha le haghaidh imeachtaí? An bhfuil dóthain árachais orthu agus an gcaomhnaítear iad?
- Strus – an dtugtar tacaíocht (traenáil, seisiúin feitheoireachta) do na daoine deonacha? An bhfuil sé curtha san áireamh sa pholasaí

cúraim leanaí go gcaithfear tacaíocht ar leith a thabhairt do dhaoine deonacha tar éis do dhuine óg léiriú dóibh gur fhulaing an duine óg mí-úsáid?

- Sábháilteacht dóiteáin – an bhfuil staighrí éalaithe sách oiriúnach ón bhfoirgneamh? An bhfuil a fhios ag gach duine cad is ceart a dhéanamh i gcás tine? An gcabhródh cuairt ón seirbhís dóiteáin áitiúil mar chuid d’imeacht chlub chun daoine deonacha agus daoine óga a dhéanamh bainteach sa chúram. An bhfuil córas buaileadh isteach nó córas síneadh isteach ann agus gan cead imeachta agus teacht isteach arís ag an gclub?

Polasaithe eile a bhfuil baint acu le Sláinte agus Sábháilteacht:

- Polasaí Chúraim Leanaí
- Polasaí Bulaíochta
- Polasaí Drugaí agus Alcól
- Polasaí Idirlín
- Iompair sna clubanna
- Polasaí Obair Dheonach
- Polasaí Iompair Foirne

Agúisín 1

Foirm thuairisc thimpiste/imeacht díobhálach Feachtas Óg-Ghluaiseacht na Gaeilge

Ainm an chlub

óige: _____

Ainm an duine a gortaíodh/ an áit ina bhfuil an sealúchas ar a rinneadh damáiste: _____

Seoladh: _____

Aois: _____

☐☐

Cuir tic:

Ball den chlub

Neamhbhall

Tabhair, led thoil, an dáta, an t-am, agus an áit inar tharla an timpiste/ imeacht díobhálach

Déan cur síos beacht ar cad a

tharla: _____

Déan ráiteas achomair ar ghortaithe/damáiste do sealúchas ar bith a tharla (Is féidir cur le do fhreagra ar chúl an leathanaigh más gá): _____

Má bhí aon finnétithe ann, tabhair na sonraí a leanas, le do thoil:

Ainm: _____

Ainm: _____

Seoladh: _____ Seoladh: _____

Má bhí curam leighis ag teastáil, inis le do thoil:

A) Ainm agus seoladh an dochtúir a d'fhreastail ar an duine gortaithe _____

B) Más rud é gur tugadh an duine gortaithe chuig an ospidéal, inis conas agus ainm an ospidéil: _____

—

C) Ainm an duine a chuaigh chuig an ospidéal leis an duine gortaithe _____

Ar son club _____ deimhním/dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas ceart agus cruinn chomh fada agus is eol dom.

Siniú ceannaire an chlub: _____

Seoladh: _____

Uimhir fóin: _____

Dáta: _____

Treoracha:

- Is ceart an fhoirm seo a úsáid chun an chéad tuairisc a dhéanamh do Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge i dtaobh an timpiste/imeacht díobhálach a tharla sa chlub/i rith imeacht óige lasmuigh den chlub
- Is ceart don ceannaire a bhí i gceannas í a líonadh agus a shíniú.
- Is ceart go mbeadh an fhoirm líonta seo ag oifig lárnach Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge taobh istigh de seacht lá oibre ón uair a tharla an timpiste/imeacht díobhálach. Is féidir an fhoirm a sheoladh go leictreonach nó sa phost
- Is é an fáth leis an bhfoirm chun tuairisciú luath a dhéanamh ar thimpistí/imeachtaí díobhálacha. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mb'fhéidir go mbeidh foirmeacha le líonadh ar ball don gcomhlucht árachais.

Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

An tSráid Mhór,


Tamhlacht,

Baile Átha Cliath 24, D24 P298

Fón: 087 9046 136

Ríomhphoist: loretta@feachtas.ie

Agúisín 2



1. Seiceáil le haghaidh gortaithe:
 - Má tá gortú ann, ná bog iad agus faigh cabhair éigeandála
 - Má tá siad ag caitheamh aníos (ag urlacan) gan dúiseacht, faigh cabhair éigeandála
2. Glaoigh ar 000 (112 ar fóin póca) láithreach má tá cabhair ó éinne agus iarr le haghaidh otharcharr
3. Má tá siad ag análú mar is gnách, cuir sa luí tearnaimh iad:
 - Iompaigh ar a dtaobh iad go réidh
 - Sínn amach an lámh atá thíos fúthu ionas nach n-iompóidh siad thart ar a mbéal
 - Lúb an cos ar barr chun tacú lena suíomh
 - Cuir tuáille rolláilte nó giota éadaí taobh thiar díobh ionas nach n-iompóidh siad thart ar a ndrom
 - Claon siar a gcinn, cuir an lámh atá in uachtar faoina smig
4. Fan leo nó déan cinnte go bhfanfaidh duine éigin eile leo chun a chinntiú nach dtachtann siad ar a múisc/urlacan

